26/03/2026
ESMA50-481369926-30848

Treoirlínte

Maidir le cásanna tástálacha struis faoi Rialachán CMA

Clár ábhair

1 Raon feidhme 3

2 Cuspóir 3

3 Oibleagáidí maidir le comhlíonadh agus tuairisciú 5

3.1 Stádas na dtreoirlínte 5

3.2 Ceanglais tuairiscithe 5

4 Treoirlínte maidir le cásanna tástálacha struis faoi Airteagal 28 de Rialachán CMA (Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais torthaí na dtástálacha struis dá dtagraítear i míreanna 4.1-4.7 thíos a thuairisciú) 6

4.1 Treoirlínte maidir le gnéithe ginearálta áirithe de chásanna tástála struis CMA 6

4.2 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis maidir le hathruithe hipitéiseacha ar leibhéal leachtachta na sócmhainní i bpunann CMA 9

4.3 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis a bhaineann le hathruithe hipitéiseacha ar leibhéal riosca creidmheasa na sócmhainní i bpunann CMA, lena n-áirítear teagmhais chreidmheasa agus teagmhais rátála 9

4.4 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis i ndáil le gluaiseachtaí hipitéiseacha ar na rátaí úis agus ar na rátaí malairte 10

4.5 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis i ndáil le leibhéil hipitéiseacha fuascailte 10

4.6 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis a bhaineann le leathnú nó cúngú hipitéiseach raonta difríochta i measc innéacsanna a bhfuil rátaí úis na n-urrús punainne nasctha leo 12

4.7 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis i ndáil le suaitéí hipitéiseacha macraishistéamacha a dhéanann difear don gheilleagar ina iomláine 12

4.8 Treoirlínte maidir le bunú cásanna tástála struis comhchoiteanna tagartha breise (ar cheart a dtorthaí a áireamh sa teimpléad tuairiscithe a luaitear in Airteagal 37(4) de Rialachán CMA) 12

4.8.1 Leibhéal na n-athruithe leachtachta 12

4.8.2 Leibhéal athraithe an riosca creidmheasa 15
4.8.3 Leibhéil athraithe na rátaí úis agus na rátaí malairte agus leibhéil leathnaithe nó cúngaithe na raonta difríochta idir innéacsanna a bhfuil rátaí úis na n-urrús punainne nasctha leo 16
4.8.4 Leibhéil fuascailte 17
4.8.5 Suaití macraishistéamacha a dhéanann difear don gheilleagar ina iomláine. .21
5 Calabrú 23
5.1 Paraiméadair choiteanna thagartha na gcásanna tástála struis maidir le hathruithe hipitéiseacha ar leibhéal leachtachta na sócmhainní a choinnítear i bpunann CMA 24
5.2 Paraiméadair choiteanna thagartha na gcásanna tástála struis maidir le hathruithe hipitéiseacha ar leibhéal riosca creidmheasa na sócmhainní a choinnítear i bpunann CMA, lena n-áirítear teagmhais chreidmheasa agus teagmhais rátála 28
5.3 Paraiméadair choiteanna tagartha na gcásanna tástála struis maidir le gluaiseachtaí hipitéiseacha na rátaí malairte 33
5.4 Paraiméadair choiteanna tagartha na gcásanna tástála struis maidir le gluaiseachtaí hipitéiseacha na rátaí malairte 38
5.5 Paraiméadair choiteanna thagartha na gcásanna tástála struis maidir le leathnú nó cúngú hipitéiseach raon difríochta i measc innéacsanna lena mbaineann rátaí úis na n-urrús punainne 44
5.6 Paraiméadair choiteanna tagartha na gcásanna tástála struis maidir le leibhéil hipitéiseacha fuascailte 45
5.7 Paraiméadair choiteanna tagartha na gcásanna tástála struis i ndáil le suaití macraishistéamacha hipitéiseacha a dhéanann difear don gheilleagar ina iomláine 48
6 Foscríbhinn 52

1 Raon feidhme

Cé atá i gceist?

1. Tá feidhm leis na treoirlínte seo maidir le húdaráis inniúla, cistí margaidh airgid agus bainisteoirí cistí margaidh airgid mar a shainmhínítear i Rialachán CMA[1].

Cad?

2. Tá feidhm leis na treoirlínte seo maidir le hAirteagal 28 de Rialachán CMA agus bunaítear leo paraiméadair choiteanna tagartha le haghaidh na gcásanna tástála struis a bheidh le cur san áireamh sna tástálacha struis a dhéanfaidh CMAnna nó bainisteoirí CMAnna de réir an Airteagail sin.

Cén uair?

3. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo 2 mhí tar éis dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais (maidir le codanna i gcló dearg – tá feidhm cheana féin le codanna eile de na Treoirlínte ó na dátaí a shonraítear in Airteagal 44 agus in Airteagal 47 de Rialachán CMA).

2 Cuspóir

4. Is é is cuspóir na dtreoirlínte seo a áirithiú go gcuirfear na forálacha in Airteagal 28 de Rialachán CMA i bhfeidhm ar bhealach comhchoiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach. Go háirithe, agus de réir mar a shonraítear in Airteagal 28(7) de Rialachán CMA, bunaítear leo paraiméadair choiteanna tagartha na gcásanna tástála struis a bheidh le háireamh sna tástálacha struis agus cuirtear na tosca seo a leanas a shonraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán CMA san áireamh:

    a) athruithe hipitéiseacha ar leibhéal leachtachta na sócmhainní i bpunann CMA;

    b) athruithe hipitéiseacha ar leibhéal an riosca creidmheasa a bhaineann leis na sócmhainní i bpunann CMA, lena n-áirítear teagmhais chreidmheasa agus teagmhais rátála;

    c) athruithe hipitéiseacha ar na rátaí úis agus ar na rátaí malairte;

[1] Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid (IO L 169, 30.6.2017, lch 8).

d) leibhéil fuascailte hipitéiseacha;

e) fairsingiú nó caolú hipitéiseach raonta difríochta idir innéacsanna arb innéacsanna iad a bhfuil rátaí úis infheistíochtaí punainne ceangailte leo;

f) turraingí macraishistéamacha hipitéiseacha a d'imreodh tionchar ar an ngeilleagar ina iomláine.

5. De réir Airteagal 28(7) de Rialachán CMA, tabharfar na treoirlínte seo cothrom le dáta gach bliain ar a laghad agus cuirfear na forbairtí margaidh is déanaí san áireamh. In 2025, tugadh mír 5 de na treoirlínte seo cothrom le dáta ionas go mbeadh an fhaisnéis ba ghá ag bainisteoirí CMAnna chun na réimsí comhfhreagracha a chomhlánú sa teimpléad tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán CMA, arna shonrú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/708 ón gCoimisiún[2]. Áirítear san fhaisnéis sin sonraíochtaí maidir leis na cineálacha tástálacha struis a luaitear i mír 5 agus a gcalabrú.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/708 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir leis an teimpléad atá le húsáid ag bainisteoirí cistí margaidh airgid agus iad ag tuairisciú d'údaráis inniúla mar a shonraítear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 119, 15.5.2018, lch. 5).

3 Oibleagáidí maidir le comhlíonadh agus tuairisciú

3.1 Stádas na dtreoirlínte

6. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.
7. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

3.2 Ceanglais tuairiscithe

8. Laistigh de 2 mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) an bhfuil na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach go bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.
9. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de 2 mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh.
10. Tá teimpléad le haghaidh fógraí a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.

4 Treoirlínte maidir le cásanna tástálacha struis faoi Airteagal 28 de Rialachán CMA (Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais torthaí na dtástálacha struis dá dtagraítear i míreanna 4.1-4.7 thíos a thuairisciú)

4.1 Treoirlínte maidir le gnéithe ginearálta áirithe de chásanna tástála struis CMA

Raon feidhme éifeachtaí na gcásanna tástála struis beartaithe ar CMA

11. Ceanglaítear le hAirteagal 28(1) de Rialachán CMA ar CMAnna ‘próisis fhónta tástála struis a chur i bhfeidhm lena n-aithnítear teagmhais fhéideartha nó athruithe amach anseo ar dhálaí geilleagracha a bhféadfadh tionchar neamhfhabhrach a bheith acu ar CMA.’

12. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh éagsúlacht áirithe a bheith ag baint leis an gciall a bhaintear as ‘éifeachtaí ar CMA’, amhail:

    - tionchar ar phunann nó ar ghlanluach sócmhainní CMA,
    - an tionchar ar íosmhéid na sócmhainní leachtacha a aibíonn go laethúil nó go seachtainiúil amhail dá dtagraítear in Airteagal 24(c)-24(h) agus in Airteagal 25(c)-25(e) de Rialachán CMA,
    - tionchar ar chumas bhainisteoir CMA freastal ar iarrataí fuascailte infheisteoirí,
    - tionchar ar an difríocht idir glanluach sócmhainní seasmhach in aghaidh an aonaid nó na scaire agus an glanluach sócmhainní in aghaidh an aonaid nó na scaire glanluach sócmhainní (mar a luaitear go sainráite in Airteagal 28(2) de Rialachán CMA i gcás CMAnna CNAV agus LVNAV),
    - tionchar ar chumas an bhainisteora na rialacha éagsúlaithe difriúla atá sonraithe in Airteagal 17 de Rialachán CMA a chomhlíonadh.

13. Ba cheart sainmhínithe éagsúla a d’fhéadfadh a bheith ann a áireamh i bhfoclaíocht Airteagal 28(1) de Rialachán CMA. Go háirithe, ba cheart do na cásanna tástála struis dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán CMA tástáil a dhéanamh ar thionchar na dtosca éagsúla a liostaítear in Airteagal 28(1) de Rialachán CMA ar i) punann nó glanluach sócmhainní CMA agus ii) tráinse/tráinsí leachtachta CMA agus/nó cumas bhainisteoir CMA freastal ar iarrataí fuascailte infheisteoirí. Tá an léirmhíniú ginearálta seo i gcomhréir le creat tástála struis an AIFMD, lena n-áirítear an dá bhrí sin in Airteagal 15(3)(b) agus in Airteagal 16(1). Dá bhrí sin, baineann na sonraíochtaí a áirítear i míreanna 4.2-4.7 a leanas le cásanna tástála struis maidir leis an dá ghné thuasluaite.

14. Maidir le leachtacht, ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadfadh riosca leachtachta a bheith mar thoradh ar na nithe seo a leanas: (i) fuascailtí suntasacha; (ii) meathlú leachtacht sócmhainní; nó (iii) meascán den dá rud.

Cásanna stairiúla agus cásanna hipitéiseacha

15. Maidir leis an dá chás tástála struis a bhaineann le i) punann nó glanluach sócmhainní CMA agus ii) tráinse/tráinsí leachtachta CMA agus/nó cumas bhainisteoir CMA freastal ar iarrataí fuascailte infheisteoirí, d'fhéadfadh bainisteoirí úsáid a bhaint as na tosca a shonraítear i míreanna 4.2-4.7 trí úsáid a bhaint as cásanna stairiúla agus hipitéiseacha.
16. Athchruthíonn cásanna stairiúla paraiméadair teagmhas nó géarchéimeanna a tharla roimhe seo agus eachtarshuíonn siad an tionchar a bheadh acu ar phunann reatha CMA.
17. Le linn do bhainisteoirí cásanna stairiúla a úsáid, ba cheart an méid ama a theastaíonn chun roinnt cásanna a phróiseáil a athrú agus torthaí tástálacha struis a sheachaint a bhraitheann an iomarca ar thréimhse ama gan bhunús (e.g. tréimhse amháin le rátaí úis ísle agus tréimhse eile le rátaí úis arda). Mar shampla, tagraíonn roinnt cásanna a úsáidtear go coitianta do dhramhbhannaí in 2001, morgáistí fophríomha in 2007, géarchéim na Gréige in 2009 agus cliseadh stocmhargadh na Síne in 2015. D'fhéadfadh suaití neamhspleácha nó comhghaolaithe, ag brath ar an tsamhail, a áireamh sna cásanna sin.
18. Is é an aidhm atá leis na cásanna hipitéiseacha teagmhas nó géarchéim shonrach a thuar trí pharaiméadair a shonrú agus a thionchar ar CMA a thuar. I measc na samplaí de chásanna hipitéiseacha tá cásanna atá bunaithe ar shuaitf geilleagracha agus airgeadais, riosca tíre nó gnó (e.g. féimheacht stáit cheannasaigh nó tuairt in earnáil thionsclaíoch). D'fhéadfadh go gceanglódh an cineál seo cáis deais de na tosca riosca athraithe go léir a chruthú, le maitrís chomhghaoil agus rogha de shamhail iompraíochta airgeadais. Áirítear ann freisin cásanna dóchúlaíocha bunaithe ar luaineacht intuigthe.
19. D'fhéadfadh gur cásanna tosca aonair nó tosca éagsúla a bheidh i gcásanna dá leithéid. D'fhéadfadh go mbeadh tosca neamh-chomhghaolaithe (ioncam seasta, cothromas, contrapháirtí, airgeadra, luaineacht, comhghaol, etc.) nó comhghaolaithe: d'fhéadfadh suaitheadh ar leith scaipeadh chuig gach tosca riosca, ag brath ar an tábla comhghaoil a úsáidtear.

Comhiomlánú tástálacha struis

20. I gcúinsí áirithe, ina theannta sin, d'fhéadfadh bainisteoirí cásanna tástála struis comhiomlána a úsáid ar raon CMAnna nó fiú ar na CMAnna go léir atá á mbainistiú ag an mbainisteoir. Sholáthródh torthaí comhiomlánaithe forbhreathnú agus d'fhéadfadh sé, mar shampla, méid iomlán na sócmhainní atá i seilbh CMAnna uile an bhainisteora ag staid ar leith a léiriú, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt punann a dhíol amach as an staid sin ag an am céanna le linn géarchéime leachtachta.

Tástáil struis droim ar ais

21. Chomh maith leis na cásanna tástála struis a pléadh sa mhír seo, d'fhéadfadh go mbeadh tairbhe le baint as tástáil struis droim ar ais a chur san áireamh freisin. Is é atá mar aidhm le tástáil struis droim ar ais cásanna tástála struis a chur i bhfeidhm ar CMA go dtí an pointe teipe, lena n-áirítear an pointe ina sárófaí na tairseacha rialála a bunaíodh le Rialachán CMA, amhail na cinn a áirítear in Airteagal 37(3)(a). Chuirfeadh sé sin ar chumas bainisteora CMA uirlis eile a úsáid chun aon leochaileachtaí a iniúchadh, aon rioscaí mar sin a thuar agus a réiteach.

Meascán de na tosca éagsúla a luaitear i míreanna 4.2-4.7 anseo thíos maidir le hiarrataí fuascailte infheisteoirí

22. Ba cheart na tosca ar fad a luaitear i míreanna 4.2-4.7 anseo thíos a thástáil i gcoinne roinnt leibhéal fuascailte. Ní hionann é seo is a rá, ar dtús, nár cheart do bhainisteoirí iad a thástáil ar leithligh freisin (gan iad a chomhcheangal le tástálacha in aghaidh leibhéil fuascailte), ionas go mbeidh siad in ann na tionchair chomhfhreagracha faoi seach a aithint. Maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an meascán seo de thosca éagsúla dá dtagraítear dóibh i míreanna 4.2-4.7 agus iarrataí fuascailte infheisteoirí a chur i gcrích, tá tuilleadh eolais le fáil i ngach ceann de na míreanna seo.
23. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le hipitéis éigin maidir le hiompraíocht an bhainisteora i ndáil le hiarrataí fuascailte a urramú.
24. Tugtar sampla praiticiúil de chur chun feidhme féideartha amháin sna hAguisíní.

Tástálacha struis i gcás CMAnna CNAV agus LVNAV

25. Léirítear in Airteagal 28(2) de Rialachán CMA go ndéanfaidh CMAnna CNAV agus LVNAV, sa bhreis ar na critéir tástála struis a leagtar amach in Airteagal 28(1), meastachán, le haghaidh cásanna difriúla, ar an difríocht idir an NAV seasmhach in aghaidh an aonaid nó na scaire agus an NAV in aghaidh an aonaid nó na scaire. Nuair a bheidh an difríocht seo á meas, agus má tá bainisteoir CMA den tuairim go mbeadh sé sin úsáideach mar fhaisnéis bhreise, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha freisin meastachán a dhéanamh maidir le tionchar na dtosca ábhartha a áirítear i míreanna 4.2-4.7 maidir le luaineacht na punainne nó luaineacht ghlanluach sócmhainní an chiste.

Neamh-uileghabhálacht na dtosca a luaitear i míreanna 4.2-4.7

26. Is iad na tosca atá sonraithe i míreanna 4.2-4.7 na ceanglais íosta. Bheifí ag súil go gcuirfeadh an bainisteoir an cur chuige in oiriúint do shainiúlachtaí a CMAnna agus go gcuirfeadh siad aon tosca nó ceanglais san áireamh a mheasfadh siad a bheith úsáideach don chleachtadh tástála struis. I measc na samplaí de thosca eile a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá an ráta athcheannaigh ó tharla gur gníomhaí suntasach sa mhargadh sin iad CMAnna.
27. Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart don bhainisteoir roinnt cásanna a fhorbairt, lena mbaineann leibhéil déine éagsúla, d'áireodh na tosca ábhartha go léir (is é sin le rá nár cheart go mbeadh tástálacha struis ar leithligh ann do gach tosca – féach freisin míreanna 4.2-4.7 anseo thíos).

4.2 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis maidir le hathruithe hipitéiseacha ar leibhéal leachtachta na sócmhainní i bpunann CMA

28. Maidir le leibhéal athruithe leachtacht na sócmhainní a luaitear in Airteagal 28(1)(a) de Rialachán CMA, d'fhéadfadh bainisteoirí a machnamh a dhéanamh ar na paraiméadair seo a leanas:
    - an bhearna idir an tairiscint agus na praghsanna iarrata;
    - na méideanna trádála;
    - próifíl aibíochta na sócmhainní;
    - líon na gcontrapháirtithe atá gníomhach sa mhargadh tánaisteach. Léireodh sé sin go bhféadfadh easpa leachtachta sócmhainní eascairt as saincheisteanna a bhaineann leis na margaí tánaisteacha, ach go bhféadfadh baint a bheith aige le haibíocht na sócmhainne freisin.
29. D'fhéadfadh an bainisteoir breithniú a dhéanamh freisin ar chás tástála struis a léireodh teagmhas foircneach easnamh leachtachta mar gheall ar fhuascailtí suntasacha, tríd an tástáil struis leachtachta a chomhcheangal le tairiscint – raon difríochta iarrata iolraithe faoi thosca áirithe agus glacadh le ráta fuascailte áirithe den NAV

4.3 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis a bhaineann le hathruithe hipitéiseacha ar leibhéal riosca creidmheasa na sócmhainní i bpunann CMA, lena n-áirítear teagmhais chreidmheasa agus teagmhais rátála

30. Maidir le leibhéil na n-athruithe ar riosca creidmheasa na sócmhainne a luaitear in Airteagal 28(1)(b), níor cheart go mbeadh treoir maidir leis an toisc seo ró-shaintreorach de bhrí go mbíonn leathnú nó cúngú raonta difríochta creidmheasa bunaithe de ghnáth ar dhálaí margaidh a bhíonn ag athrú go tapa.
31. Mar sin féin, d'fhéadfadh bainisteoirí na nithe seo a leanas a mheas, mar shampla:
    - íosghrádú nó mainneachtain staideanna slándála punainne ar leithligh, gach ceann acu ina léirítear neamhchosaintí ábhartha i bpunann CMA;
    - mainneachtain na staide is mó den phunann in éineacht le híosghrádú rátálacha sócmhainní laistigh den phunann;
    - athruithe comhthreomhara ar raonta difríochta creidmheasa ag leibhéal áirithe le haghaidh na sócmhainní go léir a choinnítear sa phunann.

32. Maidir le tástálacha struis mar sin a bhaineann le leibhéil na n-athruithe ar riosca creidmheasa na sócmhainne, bheadh sé ábhartha freisin tionchar tástálacha struis mar sin ar mheasúnú cháilíocht chreidmheasa na sócmhainne comhfhreagraí a mheas i gcomhthéacs na modheolaíochta a thuairiscítear in Airteagal 19 de Rialachán CMA.

33. Chun críocha tosca difriúla a chomhcheangal, ba cheart don bhainisteoir athruithe ar leibhéal riosca creidmheasa na sócmhainní á gcoimeád i bpunann CMA a chomhcheangal le leibhéil fuascailte tugtha. D'fhéadfadh an bainisteoir machnamh a dhéanamh ar chás tástála struis a léireodh teagmhas foircneach struis mar gheall ar éiginnteacht faoi shócmhainneacht rannpháirtithe sa mhargadh, a bheadh mar bhonn le préimheanna riosca méadaithe agus teitheadh chun ardchaighdeáin. Dhéanfadh an cás tástála struis sin mainneachtain céatadán áirithe den phunann a chomhcheangal le raonta difríochta a mhéadófaí le chéile agus d'fhéadfaí glacadh le ráta fuascailte áirithe NAV.

34. D'fhéadfadh an bainisteoir cás tástála struis a mheas freisin ina gcomhcheanglófaí mainneachtain céatadán áirithe de luach na punainne le méadú ar rátaí úis gearrthéarmacha agus ráta fuascailte áirithe NAV.

4.4 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis i ndáil le gluaiseachtaí hipitéiseacha ar na rátaí úis agus ar na rátaí malairte

35. Maidir leis na leibhéil athraithe rátaí úis agus rátaí malairte atá luaite in Airteagal 28(1)(c) de Rialachán CMA, d'fhéadfadh bainisteoirí tástáil struis ar athruithe comhthreomhara ag leibhéal áirithe a mheas. Go sonrach, d'fhéadfadh bainisteoirí a machnamh a dhéanamh ag brath ar nádúr sonrach a straitéise:

    i. méadú ar leibhéal na rátaí úis gearrthéarmacha le rátaí státchiste 1 mhí agus 3 mhí ag méadú ag an am céanna agus glacadh ann le ráta fuascailte áirithe;

    ii. méadú de réir a chéile ar na rátaí úis fadtéarmacha le haghaidh bannaí ceannasacha;

    iii. athrú comhthreomhar agus/nó athrú neamh-chomhthreomhar ar an gcuar ráta úis a d'athródh an ráta úis gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach;

    iv. gluaiseachtaí an ráta malairte eachtraí (bunairgeadra vs airgeadraí eile), i.e. ráta FX.

36. D'fhéadfadh an bainisteoir machnamh a dhéanamh freisin ar chás tástála struis a léireodh teagmhas foircneach de rátaí úis méadaithe a chomhcheanglódh méadú ar rátaí úis gearrthéarmacha agus ráta fuascailte áirithe. D'fhéadfadh an bainisteoir machnamh a dhéanamh freisin ar mhaitrís rátaí úis/raonta difríochta creidmheasa.

4.5 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis i ndáil le leibhéil hipitéiseacha fuascailte

37. Maidir leis na leibhéil fuascailte a luaitear in Airteagal 28(1)(d) de Rialachán CMA, d'fhéadfadh bainisteoirí machnamh a dhéanamh ar thástálacha struis fuascailte bunaithe ar leibhéil fuascailte stairiúla nó hipitéiseacha nó glacadh leis an bhfuascailt mar uasmhéid

céatadán áirithe de NAV nó rogha fuascailte diúltaithe a fheidhmíonn na hinfheisteoirí is tábhachtaí.

38. Ba cheart go n-áireofaí sna tástálacha struis ar fhuascailtí na bearta sonracha a bhfuil an chumhacht bhunreachtúil ag CMA iad a ghníomhachtú (geataí agus fógra fuascailte, mar shampla).

39. Ba cheart ionsamhlú na bhfuascailtí a chalabrú bunaithe ar anailís chobhsaíochta na ndliteanas (i.e. an caipiteal), a bhraitheann ar an gcineál infheisteora (institiúideach, miondíola, banc príobháideach, etc.) agus ar chomhchruinniú na ndliteanas. Ní mór saintréithe ar leith na ndliteanas agus aon athruithe timthriallacha ar fhuascailtí a chur san áireamh nuair a bhíonn cásanna fuascailte á mbunú. Mar sin féin, tá go leor bealaí ann chun dliteanais agus fuascailtí a thástáil. I measc na samplaí de chásanna fuascailte suntasacha tá i) fuascailtí céatadáin de na dliteanais ii) fuascailtí cothrom leis na fuascailtí is mó a chonacthas riamh iii) fuascailtí bunaithe ar shamhail iompraíochta infheisteoirí.

40. D'fhéadfaí fuascailtí chéatadán na ndliteanas a shainmhíniú bunaithe ar mhinicíocht ríofa an ghlanluacha sócmhainne, aon tréimhse fógra fuascailte agus an cineál infheisteoirí.

41. Ní mór a thabhairt faoi deara go n-éilíonn leachtú staideanna, gan leithdháileadh punainne a shaobhadh, teicníc ar a dtugtar slisniú, ina ndíoltar an céatadán céanna de gach sócmhainn (nó gach aicme leachtachta má aicmítear na sócmhainní de réir a leachtachta, ar a dtugtar tráinsiú freisin), seachas na sócmhainní is leachtaí a dhíol ar dtús. I gcomhthéacs dhearadh agus fheidhmiú na tástála struis, ba cheart go gcuirfí san áireamh agus go sonrófaí cibé acu atá nó nach bhfuil cur chuige slisnithe nó cur chuige tosaíochta (i.e. na sócmhainní is leachtaí a dhíol ar dtús) le cur i bhfeidhm.

42. Sa chás go bhfuil aonaid á bhfuascailt ag an infheisteoir/na hinfheisteoirí is mó, seachas céatadán fuascailte saintreorach a shainmhíniú mar a rinneadh sa chás roimhe seo, d'fhéadfadh bainisteoirí úsáid a bhaint as faisnéis faoi bhonn infheisteoirí CMA chun an tástáil struis a bheachtú. Go sonrach, ba cheart an cás ina bhfuasclaíonn na hinfheisteoirí is mó aonaid a chalabrú bunaithe ar chomhchruinniú dhliteanais an chiste agus ar an ngaol idir bainisteoir agus príomhinfheisteoirí CMA (agus a mhéid a mheastar iompraíocht na n-infheisteoirí a bheith luaineach).

43. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh bainisteoirí tástáil struis a dhéanamh ar chásanna lena mbaineann fuascailtí atá cothrom leis na fuascailtí is mó a chonacthas riamh i ngrúpa CMAnna comhchosúla (go geografach nó i dtéarmaí an chineáil ciste) nó sna cistí ar fad atá á mbainistiú ag an mbainisteoir. Ní gá, áfach, gur táscaire iontaofa ar na fuascailtí is measa a d'fhéadfadh tarlú amach anseo iad na fuascailtí is mó a chonacthas roimhe seo.

44. Tugtar sampla praiticiúil de chur chun feidhme féideartha amháin sna hAguisíní.

4.6 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis a bhaineann le leathnú nó cúngú hipitéiseach raonta difríochta i measc innéacsanna a bhfuil rátaí úis na n-urrús punainne nasctha leo

45. Maidir le raon difríochta a leathnú nó a chúngú i measc innéacsanna a bhfuil rátaí úis urrús punainne nasctha leo mar atá luaite in Airteagal 28(1)(e) de Rialachán CMA, d'fhéadfadh bainisteoirí machnamh a dhéanamh ar leathnú na raonta difríochta in earnálacha éagsúla a bhfuil punann CMA neamhchosanta orthu, in éineacht le méadú éagsúil ar fhuascailtí scairshealbhóirí. D'fhéadfadh bainisteoirí go háirithe a machnamh a dhéanamh ar leathnú raonta difríochta a bheith ag méadú.

4.7 Treoirlínte maidir le cásanna tástála struis i ndáil le suaití hipitéiseacha macraishistéamacha a dhéanann difear don gheilleagar ina iomláine

46. Maidir le haithint suaití macraishistéamacha a dhéanann difear don gheilleagar ina iomláine a luaitear in Airteagal 28(1)(f) de Rialachán CMA, níor cheart go mbeadh treoir maidir leis an mír seo saintreorach de bhrí go mbeidh an rogha hipitéiseach maidir le suaitheadh macraishistéamach ag brath cuid mhór ar na forbairtí is déanaí sa mhargadh.
47. Tá ESMA den tuairim, áfach, go bhféadfadh bainisteoirí cás díobhálach a úsáid i ndáil le OTI. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh bainisteoirí suaití macraishistéamacha a dhéanann difear don gheilleagar ina iomláine a mhacasamhlú freisin.
48. Tá samplaí de chásanna tástála struis domhanda mar sin a d'fhéadfadh an bainisteoir a bhreithniú curtha ar fáil in Aguisín.

4.8 Treoirlínte maidir le bunú cásanna tástála struis comhchoiteanna tagartha breise (ar cheart a dtorthaí a áireamh sa teimpléad tuairiscithe a luaitear in Airteagal 37(4) de Rialachán CMA)

49. Sa bhreis ar na tástálacha struis a dhéanann bainisteoirí CMAnna agus míreanna 4.1-4.7 de na treoirlínte sin á gcur san áireamh, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna na cásanna tástála struis tagartha comhchoiteanna seo a leanas a dhéanamh, ar cheart a dtorthaí a áireamh sa teimpléad tuairiscithe a luaitear in Airteagal 37(4) de Rialachán CMA.

4.8.1 Leibhéal na n-athruithe leachtachta

50. Maidir le leibhéal na n-athruithe ar leachtacht na sócmhainní a luaitear in Airteagal 28(1)(a) de Rialachán CMA:

- Ba cheart do bhainisteoirí CMAnna na tosca lascaine a shonraítear i mír 5 de na treoirlínte[3] a chur i bhfeidhm chun léargas a thabhairt ar an méadú ar phréimheanna leachtachta mar thoradh ar mheathlú dálaí leachtachta an mhargaidh i gcás struis.

- Ag an am céanna, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna glacadh le hiarrataí fuascailte agus ba cheart dóibh ionsamhlú a dhéanamh ar dhíol slisne ingearaigh den phunann chiste trína ndíoltar an céatadán céanna de gach sócmhainn chun freastal ar fhuascailtí. Déantar na hiarrataí fuascailte a chalabrú de réir an cháis fuascailte a shonraítear i mír 5 de na treoirlínte.

- Bheadh tionchar ag díolacháin sócmhainní ar phraghsanna sócmhainní. Is ionann an 'paraiméadar tionchair praghais' agus an tionchar ar phraghas sócmhainne le haghaidh méid áirithe díolachán. Dá mhéad a dhíolann an ciste sócmhainn ar leith, is mó an tionchar a bhíonn aige ar phraghas an táirge lena mbaineann ('fachtóir tionchair praghais'). I gcás gach sócmhainne, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna an paraiméadar tionchair praghais a shonraítear i mír 5 de na treoirlínte a chur i bhfeidhm:

$$\textbf{Fachtóir tionchair praghais} = \textbf{paraiméadar tionchair praghais} * \textbf{díolacháin sócmhainní}$$

- I gcás gach urrúis inaistrithe ábhartha, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna na fachtóirí lascaine agus na fachtóirí tionchair praghais a chur i bhfeidhm maidir leis an bpraghas a úsáideadh chun an ciste a luacháil tráth an tuairiscithe ($\textbf{VPraghas}$) i gcomhréir le hAirteagal 29(3)(a), de réir a gcineáil agus a n-aibíochta, chun praghas coigeartaithe a dhíorthú ($\textbf{VPraghas}_{\textbf{coigeartaithe}}$):

$$\textbf{VPraghas}_{\textbf{coigeartaithe}} = (\textbf{1} - \textbf{lascaine leachtachta} - \textbf{fachtóir tionchair praghais}) * \textbf{VPraghas}$$

- Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na lascaine leachtachta i gcás na sócmhainní uile lena n-áirítear na sócmhainní incháilithe seo a leanas (liosta neamh-uileghabhálach) de shócmhainní incháilithe: Bannaí ceannasacha, bannaí corparáide, páipéir tráchtála, deimhnithe taiscí, ABCPanna agus urrúsuithe incháilithe.

- Ba cheart do bhainisteoir CMA meastachán a dhéanamh ar thionchar na gcaillteanas féideartha trí (a) an phunann infheistíochta atá fágtha a luacháil ag an bpraghas coigeartaithe díorthaithe, $\textbf{VPraghas}_{\textbf{coigeartaithe}}$, chun an glanluach sócmhainní faoi strus

[3] Tá an tosca lascaine calabraithe de réir raonta difríochta tairisceana-iarrata.

a chinneadh; (b) sócmhainní a dhíoltar ar an bpraghas coigeartaithe díorthaithe a luacháil, $\mathbf{VPraghas_{coigeartaithe}}$; agus (c) an tionchar a ríomh mar chéatadán den NAV tuairiscithe:

$$\mathbf{Tionchar\ riosca\ leachtacht\ sócmhainne}\ (\%) = \frac{\mathbf{NAV\ Tuairiscithe} - (\mathbf{Díolacháin\ Laghdaithe\ NAV} + \mathbf{Sócmhainní})}{\mathbf{NAV\ Tuairiscithe}}$$

Nótaí:

Ba cheart béim a chur ar na sócmhainní seo a leanas, ag úsáid na bhfachtóirí lascaine a shonraítear i mír 5 de na treoirlínte:

- Bannaí ceannasacha, le miondealú ag leibhéal tíre;
- Bannaí corparáide, lena n-áirítear páipéir thráchtála eisithe ag corparáidí airgeadais agus neamhairgeadais agus deimhnithe taiscí, a dhéanann idirdhealú ar a laghad idir ionstraimí gráid infheistíochta agus ionstraimí ardtoraidh;
- ABCPanna agus urrúsuithe cáilithe, trí úsáid a bhaint as paraiméadair na mbannaí corparáide.
- Scaireanna eisithe ag CMAnna eile agus úsáid á baint as paraiméadair bannaí corparáide (nuair a bhíonn difríocht idir paraiméadair airgeadais agus neamhairgeadais, is iad paraiméadair bannaí corparáide airgeadais a bheidh ann).
- Sócmhainní eile (go háirithe comhaontuithe athcheannaigh), agus na paraiméadair bannaí corparáide á n-úsáid (nuair a bhíonn difríocht idir paraiméadair airgeadais agus neamhairgeadais, is iad paraiméadair na mbannaí corparáide airgeadais a bheidh ann).

Ba cheart do bhainisteoirí CMAnna glacadh le hiarrataí fuascailte agus ba cheart dóibh aithris a dhéanamh ar dhíol slisne ingearaigh den phunann chiste trína ndíoltar an céatadán céanna de gach sócmhainn chun freastal ar fhuascailtí. Bheadh tionchar ag díolacháin sócmhainní ar phraghsanna sócmhainní. De réir an pharaiméadair tionchair praghais a shonraítear i mír 5 de na treoirlínte:

- Mar shampla, má chomhlíonann ciste turraing fuascailte 30 %, táthar ag súil go ndíolfaidh sé 30 % de gach sócmhainn (ar mhaithe le comhsheasmhacht, ní mór é sin a thuiscint go docht agus ba cheart don bhainisteoir díol 30 % de gach urrús, nó is gaire dó sin, a ionsamhlú)

- Má tá EUR 500 mn de pháipéir thráchtála eisithe ag bainc i seilbh na gcistí, táthar ag súil go ndíolfar iad le haghaidh EUR 150 mn (=30 %*500 000 000)
- Más é 8E-13 an fachtóir tionchair praghais comhfhreagrach, is é 0.01 % (=8E-13*150 000 000) tionchar praghais na sócmhainne dá bharr

Tá an calabrú ar fáil i mír 5 de na Treoirlínte.

4.8.2 Leibhéal athraithe an riosca creidmheasa

51. Maidir le leibhéil athraithe riosca creidmheasa na sócmhainní a choinnítear i bpunann CMA, lena n-áirítear teagmhais chreidmheasa agus teagmhais rátála, de réir Airteagal 28(1)(b) de Rialachán CMA:

1) Tástáil struis ar raon difríochta creidmheasa

52. Ba cheart do bhainisteoirí CMAnna an tionchar atá ag méadú ar raon difríochta creidmheasa a thomhas, de réir na sonraíochtaí seo a leanas:

- Maidir le gach urrús, ba cheart an méadú ar raon difríochta a shonraítear i mír 5 de na treoirlínte a chur i bhfeidhm.
- I gcás gach urrúis, ba cheart an n-athrú comhfhreagrach ar raon difríochta a aistriú go caolchorrlach.
- Ba cheart tionchar na gcaolchorrlach carntha ar chéatadán an NAV tuairiscithe a ríomh.

$$\textbf{Tionchar riosca creidmheasa}\ (\%) = \frac{\textbf{NAV Tuairiscithe NAV} - \textbf{Struis}}{\textbf{NAV Tuairiscithe}}$$

2) Tástáil struis comhchruinnithe

53. Ba cheart do bhainisteoirí CMAnna mainneachtain an dá phríomh-neamhchosaintí atá acu a ionsamhlú freisin. Ba cheart an tionchar a bheidh ag a leithéid ar NAV a ríomh ansin agus a léiriú mar chéatadán:

$$\textbf{Tionchar riosca comhchruinnithe}\ (\%) = \frac{\textbf{NAV Tuairiscithe NAV} - \textbf{Struis}}{\textbf{NAV Tuairiscithe}}$$

Nótaí:
Braitheann an cás riosca comhchruinnithe ar shaintréithe na neamhchosanta. Ba cheart an chomhthaobhacht (nó aon mhaolú eile, e.g. díorthaigh chreidmheasa) a fhaightear a bhreithniú. Mura bhfuil aon chomhthaobhacht ann, nó mura bhfuil an chomhthaobhacht leordhóthanach chun an neamhchosaint a chumhdach, ba cheart feidhm a thabhairt don chaillteanas seo a leanas mar gheall ar an mainneachtain:

- Neamhchosaintí sinsearacha: 45 %;
- Neamhchosaintí fo-ordaithe: 75 %.

Tá an calabrú ar fáil i mír 5 de na Treoirlínte.

4.8.3 Leibhéil athraithe na rátaí úis agus na rátaí malairte agus leibhéil leathnaithe nó cúngaithe na raonta difríochta idir innéacsanna a bhfuil rátaí úis na n-urrús punainne nasctha leo

54. Maidir le leibhéil athraithe na rátaí úis agus na rátaí malairte dá dtagraítear in Airteagal 28(1)(c) de Rialachán CMA, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna na paraiméadair margaidh struis seo a leanas a chur i bhfeidhm ag baint úsáide as na bparaiméadar a shonraítear i mír 5 de na treoirlínte i ndáil le (a) suaití toradh ráta úis a chomhfhreagraíonn do ghluaiseachtaí na rátaí úis; agus (b) suaití FX a chomhfhreagraíonn do ghluaiseachtaí sna rátaí malairte.

1) Leibhéil athraithe na rátaí úis

55. Maidir le leibhéil athraithe na rátaí úis, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna an cuar ráta tagartha céanna a úsáid le haghaidh gach ionstraime atá ainmnithe in airgeadra ar leith agus ba cheart go mbeadh éirim an ráta tagartha ailínithe le téarma fágtha na hionstraime. Maidir le ionstraimí ráta chomhlúthaigh, d'fhéadfadh ionstraimí a bheith nasctha de réir conartha le ráta tagartha ar leith, agus sa chás sin meastar go bhfuil an ráta sin ag gluaiseacht comhthreomhar le cuar an ráta tagartha. Mura soláthraítear sa tábla an éirim a chomhfhreagraíonn don mhéid den téarma atá fágtha den ionstraim, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna an paraiméadar is iomchuí sa tábla a úsáid (e.g. an ceann is gaire).

2) Leibhéil athraithe na rátaí malairte

56. Maidir le leibhéil athraithe na rátaí malairte, ba cheart dhá chás a úsáid sna ríomhanna: luachmhéadú an EUR i gcomparáid leis an USD; dímheas an EUR i gcomparáid leis an USD.

3) Leibhéil fairsingithe nó caolaithe raonta difríochta i measc innéacsanna a bhfuil rátaí úis na n-urrús punainne nasctha leo

57. Maidir le leibhéil leathnú nó chúngú na raonta difríochta idir innéacsanna a bhfuil rátaí úis urrús punainne nasctha leo dá dtagraítear in Airteagal 28(1)(e) de Rialachán CMA, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna paraiméadair struis sa mhargadh a chur i bhfeidhm, de réir na sonraíochtaí seo a leanas:

- Ba cheart do bhainisteoirí CMAnna na paraiméadair a shonraítear i mír 5 de na treoirlínte a úsáid.
- Maidir le hionstraimí nach bhfuil nasctha le hinnéacs sonrach, úsáidfidh bainisteoirí CMAnna cuar an ráta tagartha dá bhforáiltear dó don athrú ar chás na rátaí úis.
- Mura soláthraítear sa tábla an éirim a chomhfhreagraíonn don mhéid den téarma atá fágtha den ionstraim, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna an paraiméadar is iomchuí sa tábla a úsáid (e.g. an ceann is gaire).

4) Torthaí

58. Ba cheart do bhainisteoirí CMAnna a bpunann a athluacháil trí na paraiméadair nua a bhreithniú ar leithligh: rátaí úis, rátaí malairte, rátaí tagarmhairc. Ba cheart dóibh tionchar gach toisc riosca a chur in iúl mar chéatadán de NAV tríd an méid seo a leanas a ríomh:

$$\textbf{Tionchar ar an toisc riosca}\ (\%) = \frac{\textbf{NAV Tuairiscithe NAV} - \textbf{Struis}}{\textbf{NAV Tuairiscithe}}$$

Nótaí:

Tá an calabrú ar fáil i mír 5 de na Treoirlínte.

4.8.4 Leibhéil fuascailte

59. Maidir le leibhéil fuascailte dá dtagraítear in Airteagal 28(1)(d) de Rialachán CMA, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna na cásanna fuascailte struis seo a leanas a chur i bhfeidhm: tástáil struis leachtachta droim ar ais, tástáil struis leachtachta seachtainiúla agus tástáil struis comhchruinnithe.

1) Tástáil struis leachtachta droim ar ais

60. Cuimsítear na céimeanna seo a leanas sa tástáil struis leachtachta droim ar ais:

- I gcás gach sócmhainne, ba cheart do bhainisteoirí CMAnna an méid intrádála go seachtainiúil a thomhas (lena n-áirítear sócmhainní atá ag dul in aibíocht).
- Ba cheart do bhainisteoirí CMAnna an t-uasmhéid intrádála go seachtainiúil is féidir a leachtú a thomhas agus ba cheart go mbeadh an leithdháileadh punainne fós i gcomhréir le ceanglais rialála uile CMA gan an leithdháileadh punainne a shaobhadh.

$$\textbf{Toradh}\ (\%) = \frac{\textbf{Uasmhéid intrádála go seachtainiúil ar féidir é a leachtú gan an leithdháileadh punainne a shaobhadh}}{\textbf{NAV}}$$

Nótaí:

- I gcás gach sócmhainne, beidh an méid intrádála go seachtainiúil bunaithe ar mheasúnú an bhainisteora ar phunann an chiste ar féidir é a leachtú laistigh de sheachtain amháin. Ba cheart sannadh mar sin a bhunú ar an tréimhse ba ghiorra ina bhféadfaí staid cosúil leis sin a leachtú ag luach tugtha anonn nó gar don luach sin[4].
- Déantar cinneadh maidir leis an uasmhéid eis-sreafaí ar féidir leis an gciste dul i ngleic leo laistigh de sheachtain amháin gan an leithdháileadh punainne a shaobhadh ach (1) suim na méideanna intrádála go seachtainiúil; agus (2) acmhainn an chiste na ceanglais rialála a chomhlíonadh.
- Chun na gcríoch sin, níl na ceanglais rialála teoranta don mhéid seo a leanas, ach ba cheart iad seo a leanas, ar a laghad, a chur san áireamh:
    - Éagsúlú (Airteagal 17 de Rialachán CMA);
    - Comhchruinniú (Airteagal 18 de Rialachán CMA);
    - Rialacha punainne maidir le CMAnna gearrthéarmacha (Airteagal 24 de Rialachán CMA) agus maidir le CMAnna caighdeánacha (Airteagal 25 de Rialachán CMA), go háirithe, Meánaibíocht ualaithe uasta (WAM); Meánré ualaithe uasta (WAL), sócmhainní a aibíonn go laethúil; agus sócmhainní a aibíonn go seachtainiúil.

- Mar shampla, más rud é go bhfuil 50 % de shócmhainní CMA LVNAV intrádála laistigh de sheachtain ach má éiríonn a WAM níos airde ná 60 lá tar éis 30 % a dhíol, ba cheart don bhainisteoir 30 % a thuairisciú.

Tá an calabrú ar fáil i mír 5 de na Treoirlínte.

2) Tástáil struis leachtachta seachtainiúil:

61. Déanann tástáil struis leachtachta seachtainiúil measúnú ar chumas an chiste freagairt d'eis-sreafaí na sócmhainní leachtacha seachtainiúla atá ar fáil, a bhreithnítear mar shuim na sócmhainní fíorleachtacha agus na sócmhainní a aibíonn go seachtainiúil agus cuimsítear na céimeanna seo a leanas sa tástáil:

- ba cheart do bhainisteoirí CMAnna cás fuascailte struis a chur i bhfeidhm sa chás go bhfaigheann an ciste glaniarrataí fuascailte seachtainiúla ó 40 % de na hinfheisteoirí gairmiúla agus 30 % de na hinfheisteoirí miondíola.

[4] Más mian leat sainmhíniú a léamh, féach na Treoirlínte maidir le hoibleagáidí tuairiscithe faoi Airteagal 3(3)(d) agus Airteagal 24(1), (2) agus (4) de AIFMD

- ba cheart do bhainisteoirí CMAnna na sócmhainní leachtacha seachtainiúla atá ar fáil a thomhas chun na hiarrataí fuascailte a chomhlíonadh de réir an tábla seo a leanas:

Sócmhainní	Airteagal	Céim Cáilíochta Creidmheasa (CQS)
